Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018

# Fraincis – Gnáthleibhéal

# SCÉIM MHARCÁLA

Tabhair ar aird, le do thoil, agus na freagraí sa scéim mharcála seo á gcur ar fáil, go bhfuil feidhm leis na gnásanna seo a leanas:

- áit a bhfuil freagraí atá inghlactha liostaithe ar línte ar leithligh, cuirtear fleasc (-) roimh gach ceann acu
- úsáidtear slais (/) chun a léiriú go mbronntar an marc céanna as an bhfocal nó as an nath cainte atá roimhe agus a bhronntar as an bhfocal nó as an nath cainte atá ag teacht ina dhiaidh
- cuirtear réiltín (*) roimh fhreagraí atá neamhiomlán nó nach bhfuil go hiomlán ceart agus bíonn siad eangaithe
- cuirtear lúibíní cruinne thart ar fhocail nó ar fhrásaí nach bhfuil riachtanach chun lánmharcanna a bhaint amach.

Ní gá d'iarrthóirí leas a bhaint as an bhfoclaíocht bheacht atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo do Cheist 1, Ceist 2, Ceist 3 (8), Ceist 4 (8), agus don Triail Chluastuisceana Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach ach an bhrí chéanna a chur in iúl.

# Roinn I (160 Marc)

**Ceist 1 – 40 marc**

**1.**

| | | |
|---|---|---|
| **(a)** | - Antoine | 4 mharc |
| **(b)** | - Pascal | 4 mharc |
| **(c)** | - Claire | 4 mharc |
| **(d)** | - Yvonne | 4 mharc |

**2.** - (Ar an) (g)Céadaoin, tar éis na scoile. 4 mharc

* (Ar an) (g)Céadaoin 1 mharc
* Tar éis na scoile 1 mharc

**3.** - Alt a scríobh faoin tír (atá faoi chaibidil) 4 mharc

* Alt a scríobh 1 mharc

**4.** - (B'fhéidir gurb) iad siúd an ghlúin dheireanach ar féidir leo athrú aeráide a stopadh (fós). 4 mharc

* Is féidir leo athrú aeráide a stopadh (fós). 2 mharc

**5. (i) & (ii)** Glac leo seo a leanas: 4+4 mharc

- An gharraíodóireacht
- Staidéar ríomhaireachta

**6. Ceachtar** díobh seo a leanas: 4 mharc

- Fraincis
- Stair

**Ceist 2 – 40 marc**

**1. Ceachtar** díobh seo a leanas: 4 mharc

- Chuaigh sí go dtí an trá lena tuismitheoirí gach lá.
- D'ith sí a lán uachtar reoite
  - * Bhí leadrán uirthi 2 mharc
  - * Chuaigh sí go dtí an trá lena tuismitheoirí 2 mharc
  - * Chuaigh sí go dtí an trá gach lá 2 mharc
  - * Chuaigh sí go dtí an trá 1 mharc
  - * D'ith sí uachtar reoite 1 mharc

**2.** - Chodail (siad) i bpobal sa ghairdín 4 mharc

  * Chodail (siad) i bpuball / sa ghairdín 2 mharc

**3.** **(i) & (ii)** Glac le **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas: 4+4 mharc

- Múinteoir Ceoil
- Póilín
- Feirmeoir
  - * Múinteoir 1 mharc

**4.** - Nach n-oirfeadh an cheol / sé dó siúd mar shlí bheatha 4 mharc

**5.** - Sráidbhaile, san Oirthear (in oirthear Mharacó/na tíre) 4 mharc

  * Sráidbhaile 1 mharc
  * San oirthear (in oirthear Mharacó) 1 mharc

**6.** - D’fhág sí cairde agus buachaill ina diaidh 4 mharc

* D’fhág sí cara agus buachaill 3 mharc
* D’fhág sí cairde 2 mharc
* D’fhág sí buachaill 2 mharc

**7.** **(i) & (ii)** Glac le **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas 4+4 mharc

- Thóg sé teach ar cíos
- Chuaigh sé ag rothaíocht
- Rinne sé clársheoltóireacht
- Chuaigh sé go dtí an caifé le haghaidh dí
- Chuaigh sé go dtí an caifé chun éisteacht leis na hamhránaithe
  * Chuaigh sé go dtí an caifé 2 mharc
  * Chuaigh sé le haghaidh dí 2 mharc
  * D’éist sé le hamhránaithe/hamhránaíocht (áitiúil) 2 mharc

**8**. - D’fhan sé (air) sa charr 4 mharc

* D’fhan sé (air) 2 mharc

**Ceist 3 – 40 marc**

Ná gearr níos mó ná pionós 2 mharc as ábhar nach mbaineann le hábhar. N.B. Má fhreagraítear ceisteanna 1–7 trí Bhéarla/Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.

**1.** - Kayane et ses grands frères (participaient à des tournois de jeux vidéo) — 4 mharc

- * Kayane — 3 mharc
- * Ses grands frères — 3 mharc
- * grands frères / ses frères — 2 mharc
- * (Mes) frères — 1 mharc

**2.** - Mon niveau est devenu suffisamment bon pour participer à des tournois à l’âge de 9 ans. — 4 mharc

**3.** Ceachtar díobh seo a leanas — 4 mharc

- D’abord les études, ensuite les jeux
- Ils devraient avoir de bonnes notes pour participer aux tournois
  - * D’abord les études — 1 mharc
  - * Ils devraient avoir de bonnes notes — 1 mharc

**4.** - (Des gens) plus âgés que moi — 4 mharc

- * (Des gens) plus âgés — 1 mharc

**5.** - (C’est la) rigueur, (la) persévérance (et l’)honneur (pour les japonais) — 4 mharc

- (pour les français la) coordination, (la) rapidité (et la) passion — 4 mharc
  - * 2 thréith — 2 mharc
  - * 1 tréith — 1 mharc

**6.** - (Elle souhaite faire des tournois aux Etats-Unis parce que / car) les femmes y sont peu représentées 4 mharc

**7.** - Elle travaille pour une chaîne de télévision. 4 mharc

**8. (i) & (ii)** Glac le **dhá cheann** ar bith de na pointí cearta seo a leanas le haghaidh: 4+4 mharc

- Imríonn sí físchluichí go proifisiúnta
- D'imir sí físchluichí in aghaidh chairde a dearthár agus í ceithre bliana d'aois
- Bhí sí maith go leor le dul in iomaíocht ag naoi mbliana d'aois
- Bhuail sí le daoine níos sine ná í féin ag comórtais agus bhí dea-chaidreamh aici leo
- Imríonn sí in ainneoin go léirítear fuath i dtreo ban roinnt den am
- Tá sí sásta dul thar lear / chuig na Stáit Aontaithe / an tSeapáin chun dul in iomaíocht
- Oibríonn sí mar láithreoir teilifíse

Etc., etc.

**Glac le pointe bailí ar bith ar féidir fianaise ón téacs a thabhairt ina thaobh. Bronn 2 mharc má tá cuid den fhreagra ceart.**

**Gearr pionós as an inscne mhícheart suas go -1 mharc ar a mhéad.**

**Ceist 4 – 40 marc**

Ná gearr níos mó ná pionós 2 mharc as ábhar nach mbaineann le hábhar. N.B. Má fhreagraítear ceisteanna 1–7 trí Bhéarla/Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.

**1.** - (L'inspecteur Tremblez est) au lit — 4 mharc
- * lit — 3 mharc

**2.** - J'arrive dans vingt minutes Commissaire — 4 mharc
- * J'arrive dans vingt minutes Commissaire — 2 mharc
- * J'arrive — 1 mharc

**3.** - Les avenues / rues étaient désertes à cette heure matinale — 4 mharc
- * Les avenues / rues étaient désertes — 3 mharc

**4.** - (Il fait) du vent (ce matin) — 4 mharc

**5. (i) & (ii)** Glac le **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas: — 4+4 mharc
- Petit
- (Les) yeux perçants
- (Les) mouvements vifs
- (Il a) l'air (très) préoccupé
  - * (très) préoccupé — 2 mharc

**6.** - Fabriquer / Créer/ Provoquer / Trouver / Retrouver / Voir — 4 mharc

Tabhair ar aird: Lúide 1 Mharc in aghaidh gach míre nach mbaineann le hábhar.

**7.** - C'est un produit dangereux. — 4 mharc

**8. (i) & (ii)** Glac le **dhá cheann** ar bith de na pointí cearta seo a leanas le haghaidh: 4+4 mharc

- Síleann sé láithreach go gcuireann glaoch ag 5:10 in iúl go bhfuil rud éigin an-dáiríre ag tarlú
- Aontaíonn sé dul ag obair láithreach, in ainneoin nach bhfuil sé ach 5:10 a.m.
- Gléasann sé go mear chun dul chuig an obair go mear
- Deir a shaoiste go bhfuil an-dílis dá phost
- Deir an saoiste go ndéanann sé beart de réir a leasainm 'Cigire Jet'
- Téann sé i mbun an imscrúdaithe láithreach, in ainneoin an t-am a bhíonn ann

Etc., etc.

**Glac le pointe bailí ar bith ar féidir fianaise ón téacs a thabhairt ina**

**thaobh. Bronn 2 mharc má tá cuid den fhreagra ceart.**

**Gearr pionós as an inscne mhícheart suas go -1 mharc ar a mhéad.**

## **Roinn II (60 marc)**

Dhá thriail scríofa ar **30 marc an ceann** Ní ceadmhach d'iarrthóirí ach triail **amháin** a roghnú as gach ceann de na fo-ranna A, B, C.

Roinn A

**(a) Na Bearnaí a líonadh – 30 marc**

10 mbearna ar **3 mharc an ceann**

Má dhéantar athscríobh míchúramach, aicinn san áireamh, **bain 1 mharc.** Glac le ceannlitreacha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Cadeau | 6 | courses |
| 2. | Mon | 7 | argent |
| 3. | Organisé | 8 | suis |
| 4. | En | 9 | ranger |
| 5. | Tous | 10 | pas |

**OU / NÓ**

**(b)**

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 1, 2, 3, 4, 5: | | 2 mharc an ceann = 10 marc |
| Ceist 1 | - | Sloinne – glac le sloinne réasúnta ar bith |
| Ceist 2 | - | Ainm Baiste – glac le hainm baiste réasúnta ar bith |
| Ceist 3 | - | Aois – glac le haois réasúnta ar bith |
| Ceist 4 | - | Náisiúntacht – glac le náisiúntacht ar bith |
| Ceist 5 | - | Teanga(cha) a labhraítear – teanga amháin inghlactha do mharcanna iomlána |
| Ceist 6 – 9: | - | Iad a mharcáil mar aonad = 20 marc |

4 thasc cumarsáide @ 3 mharc an ceann = 12 mharc.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 – 2 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 3 | - | tá teachtaireacht soiléir. |

N.B. Mura mbeidh an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh as sainréim teanga, as stór focal ná as struchtúir.

**<u>Teanga 8 marc</u>**

**1ú Catagóir**

0 – 2 - formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart;
- litriú mícheart i gcás fhormhór na bhfocal;
- gan tuiscint ar shainréim teanga.

**2ú Catagóir**

3 – 5 - foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart;
- raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith;
- leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart;
- tuiscint éigin ar shainréim teanga.

**3ú Catagóir**

6 – 8 - foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí;
- raon an stóir focal an-mhaith;
- na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart;
- tuiscint mhaith ar shainréim teanga.

**<u>Roinn B – Teachtaireacht / Cárta</u>**

**(a) Teachtaireacht – 30 marc**

**<u>Cumarsáid = 15 mharc</u>**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Déan neamhaird den leagan amach.

Fág an teachtaireacht seo a leanas i bhFraincis do do chara André / Agnès, a bhfuil tú ag fanacht leis / léi in Quimper. Abair:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Go bhfuil tú imithe amach / toisc go bhfuil an aimsir go maith. |
| C2 | - | Go bhfuil tú ag dul go cluiche / sa staid. |
| C3 | - | Go mbeidh tú ar ais / don dinnéar. |

**<u>Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 + 2)</u>**

1ú Catagóir - níl an teachtaireacht soiléir.

2ú Catagóir - tá an teachtaireacht soiléir.

**<u>Teanga = 15 mharc</u>**

0 – 5
- formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart;
- litriú mícheart i gcás fhormhór na bhfocal;
- gan tuiscint ar shainréim teanga.

6 – 10
- Foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart;
- raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith;
- leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart;
- tuiscint éigin ar shainréim teanga.

11 – 15
- foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí;
- raon an stóir focal an-mhaith;
- na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart;
- tuiscint mhaith ar shainréim teanga.

**OU / NÓ**

**(b) Cárta – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Déan neamhaird den leagan amach.

Tá tú ar laethanta saoire in Royan. Scríobh cárta poist i bhFraincis chuig do chara Marc / Marie agus abair:

C1 - Gur bhain tú Royan amach / Dé Máirt seo caite.

C2 - Go bhfuil tú ag fanacht in óstán / gar don stáisiún traenach.

C3 - Go rachaidh tú chuig an margadh / amárach.

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 + 2)**

1ú Catagóir - níl an teachtaireacht soiléir.

2ú Catagóir - tá an teachtaireacht soiléir.

**Teanga = 15 mharc** - catagóirí mar atá in B (a) agus (b) thuas.

**Roinn C – Dialann / Litir Fhoirmiúil**

**(a) Dialann – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Níl aon mharcanna ar fáil ar leagan amach.

(a) Tá tú díreach tar éis filleadh ó thuras scoile go Baile Átha Cliath. Nótáil na rudaí seo a leanas i bhFraincis i do dhialann:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Thug tú cuairt ar Bhaile Átha Cliath / le do rang. |
| C2 | - | Tá a lán siopaí / i lár na cathrach. |
| C3 | - | Rachaidh tú ar ais ann / i mí Eanáir. |

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 + 2)**

1ú Catagóir - níl an teachtaireacht soiléir.

2ú Catagóir - tá an teachtaireacht soiléir.

**Teanga = 15 mharc** - catagóirí mar atá i B (a) agus (b) thuas.

**OU / NÓ**

**(b) Litir Fhoirmiúil – 30 marc**

Barr an leathanaigh - 3 mharc (Ní gá go mbeadh an Fhrainc sa seoladh)

Foirmle don deireadh - 3 mharc

**Cumarsáid = 12 mharc**

3 thasc @ 4 mharc an ceann.

Scríobh litir fhoirmiúil i bhFraincis chuig Hôtel Mercure, 3 rue du Maire Kuss, 67000 Strasbourg, France. Abair sa litir:

C1 - Gur mhaith leat seomra a chur in áirithe / do bheirt.

C2 - Go mbainfidh tú an áit amach ar an 25 Meitheamh / agus go bhfanfaidh tú ceithre oíche.

C3 - Fiafraigh an bhfuil linn snámha / san óstán.

**Is tusa Antain Ó Murchú / Áine Ní Mhurchú, 14 Radharc na Páirce, Mala, Co. Chorcaí.**

**Dhá phointe ag teastáil le 4 mharc a fháil (2 + 2)**

**Cumarsáid = 12 mharc (4 x 3)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 -1 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 2 | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 12 mharc**

| | |
|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 - 4 |
| 2ú Catagóir | 5 - 8 |
| 3ú Catagóir | 9 - 12 |

## Triail Chluastuisceana (100 marc)

N.B. Ní gá d'iarrthóirí leas a bhaint as an bhfoclaíocht bheacht atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo. Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach as a bhfreagraí ach an bhrí cheart a thabhairt. Má thugtar freagra ceart agus freagra mícheart araon, bronn 0 marc.

### Roinn I – 20 marc

**1.** chuig cóisir — 5 mharc

**2.** (i) Ceachtar díobh seo a leanas: — 5 mharc

- Féile cheoil
- Seinnfidh a lán grúpaí cáiliúla ann
  - * seinnfidh a lán grúpaí — 3 mharc

(ii) lena haintín — 5 mharc

**3.** ceannóidh sí éadaí nua. — 5 mharc

### Roinn II – 20 marc

**1.** sicín rósta agus toirtín líomóide — 5 mharc

**2.** 18 — 5 mharc

**3.** bialann a oscailt — 5 mharc

**4.**
- Ní raibh a lán taithí acu — 5 mharc
  - * Bhí easpa taithí acu — 1 mharc

**Roinn III – 20 marc**

**1.** (i) Ceachtar díobh seo a leanas: 5 mharc

- Bhog sí / a teaghlach sí chuig ceantar eile
- D'athraigh sí scoileanna.
  - * Bhog sí / a teaghlach 3 mharc

(ii) bácús 5 mharc

**2.**
- (Tá) árasán cuíosach mór ar an 1ú urlár 5 mharc
- (Tá) níos lú torainn ann / (Tá sé) níos ciúine 5 mharc
- Mothaíonn (duine) an-sábháilte / slán 5 mharc
  - * (Tá) árasán ar an 1ú urlár 3 mharc
  - * slán / sábháilte 3 mharc
  - * (Tá) árasán cuíosach mór ann 3 mharc
  - * (Tá) sé ciúin / níl gleo ann 3 mharc
  - * (Tá) árasán / árasán mór ann 1 mharc
  - * Sábháilteacht 1 mharc

**3.** tá sé ag dul ar cuairt chuig a sheantuismitheoirí 5 mharc

**Roinn IV – 20 marc**

**1.** Ceachtar díobh seo a leanas — 5 mharc

- Obair tí / dioscaireacht
- Tugann sé aire / déanann sé feighlíocht dá dheartháir níos óige / atá seacht mbliana d'aois

  * Déanann sé feighlíocht (ar a dheartháir) — 3 mharc
  * Déanann sé a dhioscaireacht / cóiríonn sé an teach / glanann sé an teach — 3 mharc
  * Déanann sé feighlíocht ar (an duine mícheart) — 1 mharc
  * Cóiríonn / Glanann sé — 1 mharc

**2.** Oibríonn sé ag an scipéad. — 5 mharc

**3.** Ní ligfidh a hathair di. — 5 mharc

**4.** Ceann amháin díobh seo a leanas: — 5 mharc

- Smideadh
- Creidmheas don fhón póca

**Roinn V – 20 marc**

**1.** (i) Tráthnóna inné — 5 mharc

  * Inné — 3 mharc
  * (Sa) tráthnóna — 1 mharc

(ii) 200,000 — 5 mharc

**2.** Eipidéim fliú — 5 mharc

  * Fliú — 3 mharc
  * Eipidéim — 3 mharc

**3.** Ní mór dó íoc as an nglanadh suas. — 5 mharc

# AGUISÍN 1

**Ceist C. Cumas Scríofa**

**(b)** <u>Litir Fhoirmiúil</u>:

**Barr an Leathanaigh**

(a) Ainm agus seoladh an tseoltóra sa chúinne thuas ar chlé – an t-ainm ar an gcéad líne, uimhir agus sráid ar an dara líne, etc.

(b) Cathair / baile / sráidbhaile agus dáta (Mala, le 15 avril 2018) sa chúinne thuas ar dheis <u>nó faoi bhun</u>.

(c) Díreach faoi bhun (b) ainm (nó teideal) an "destinataire" agus a s(h)eoladh.

(d) Cuir "Irlande" isteach, glac le "Ireland" / "Éire".

e.g. → **Mallow, le 15 avril 2018**

**Anthony / Anne Murphy,**
**14 Park View,**
**Mallow,**
**Co. Cork**
**Ireland / Irlande.**

**Hôtel Mercure,**
**3 rue du Maire Kuss,**
**67000 Strasbourg.**
**(France).**

→ **Mala, le 15 avril 2018**

**Monsieur /**
**Madame,**

**Barr an Leathanaigh / Foirmle don Deireadh**

| | | |
|---|---|---|
| 1 botún | - | déan neamhaird de. |
| 2 bhotún | - | bain 1 mharc. |
| 3 bhotún | - | bain 2 mharc. |

Caith le haiceann mícheart amháin nó níos mó san fhoirmle don deireadh mar aon dearmad amháin.

**Deireadh foirmiúil riachtanach.**

**N.B.**

Má bhíonn an leagan amach ginearálta ceart ag an iarrthóir ar Bharr an Leathanaigh nó an Foirmle don Deireadh i gceart acu, ainneoin go leor dearmad – bronn aon mharc **amháin**.

**N.B.**

Mura bhfuil an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh ar shainréim teanga, ar stór focal ná ar struchtúir.

**AGUISÍN 2**

# Scéim Mharcála Mhionathruithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ghnáthleibhéal san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

**Cumas Scríofa:**

**Roinn A**

**(a)** **Triail iomlánaithe**

Ná gearr pionós as dearmaid litrithe (lena n-áirítear gan aiceann a bheith istigh / aicinn mhíchearta) nuair a athscríobhann iarrthóir an focal atá in easnamh.

**(b)** **Eolas a chur isteach ar fhoirm**

Ceist 6 - 9: Marcáil mar cheithre thasc cumarsáide iad @ 5 mharc an ceann.

**Roinn B**

**(a)** **Teachtaireacht**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b)** **Cárta Poist**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**Roinn C**

**(a)** **Dialann**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b)** **Litir Fhoirmiúil**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

Ná gearr pionós ach an oiread as litriú mícheart nó as aicinn atá mícheart sa leagan amach ag barr na Litreach Foirmiúla agus san fhoirmle don deireadh.

**AGUISÍN 3**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

## **Réríomhaire maidir le GRÁID a ríomh**

| **Grád (320)** | | **Raon Marcanna** |
|---|---|---|
| **1** | | 288 - 320 |
| **2** | | 256 – 287 |
| **3** | | 224 – 255 |
| **4** | | 192 – 223 |
| **5** | | 160 – 191 |
| **6** | | 128 – 159 |
| **7** | | 96 – 127 |
| **8** | | 0-95 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán